

Treoir maidir le trealamh cosanta pearsanta a chaitheamh agus a bhaint i suíomhanna cúram sláinte chun cúram a thabhairt d'othair a bhfuil COVID-19 amhrasta nó dearbhaithe orthu

Feabhra 2020

Raon feidhme an doiciméid seo

Soláthraítear sa doiciméad seo tacaíocht d'oibrithe cúram sláinte a bhainistíonn cásanna amhrasta nó dearbhaithe de coróinvíreas nua 2019 (COVID-19). Is iad cuspóirí ginearálta an doiciméid:

- an tacar íosta de threalamh cosanta pearsanta (PPE) a chur i láthair, a theastaíonn chun bainistiú a dhéanamh ar chásanna COVID-19 amhrasta nó dearbhaithe;
- oibrithe cúram sláinte a chur ar an eolas faoi na gnéithe críiciúla a bhaineann le PPE a chaitheamh agus a bhaint; agus
- sábháilteacht cheirde in oibrithe cúram sláinte a neartú d'othair a bhfuil COVID-19 amhrasta nó dearbhaithe orthu.

Tá an doiciméad seo bunaithe ar eolas reatha COVID-19 agus ar dhea-chleachtais PPE.

Déanfaidh ECDC an doiciméad seo a nuashonrú bunaithe ar chúrsaí atá ag teacht chun cinn agus sa chás go dtagann faisnéis ábhartha nua chun cinn.

Spriocphobal

Oibrithe cúram sláinte agus pearsanra um chosc agus rialú ionfhabhtaithe i dtíortha AE/LEE agus sa Ríocht Aontaithe.

Cúlra

Céard iad SARS-CoV-2 agus COVID-19?

Is é an gníomhaire cúiseach a bhfuil baint aige leis na ráigeanna reatha de COVID-19 ná víreas a bhaineann leis an teaghlach *Coronaviridae* (géineas: *Betacoronavirus*), ar teaghlach mór é de víris RNA chlúdaithe, fhritreo dhearfaiigh aon-shnáithe. Tarchuirtear coróinvíris i bhformhór na gcásanna trí bhraoiníní riospráide móra agus trí tharchur teagmhála, ach moladh modhanna tarchuir eile (i.e. aeriompartha agus faecas-béil).

Meastar gurb é an meán-tréimhse goir ná 5 go 6 lá, agus raon idir 0 agus 14 lá i gceist [1]. Faoi láthair níl aon chóireáil ná vacsaín ar leith ar fáil i gcoinne COVID-19.

Tá tuilleadh faisnéise faoi chúlra galar ar fáil ar líne ó [ECDC](#) [2] agus ó [WHO](#) [3], agus sa Mhearmheasúnú Riosca deiridh ó ECDC [4].

Tacar íosta PPE atá molta

Cosnaíonn an tacar íosta PPE atá molta ó tharchur teagmhála, braoiníní agus aeriompartha. Déantar cur síos ar chomhdhéanamh an tacair i dTábla 1 agus léirítear é i bhFíor 1.

Tábla 1. Comhdhéanamh íosta tacar PPE chun cásanna amhrasta nó dearbhaithe de COVID-19 a bhainistiú

Cosaint	PPE atá molta
Cosaint riospráide	Análaitheoir FFP2 nó FFP3 (leagan le comhla nó gan comhla)*
Cosaint súl	Spéaclaí cosanta (nó sciath aghaidhe)
Cosaint choirp	Gúna uiscefhriotaíoch le muinchillí fada
Cosaint láimhe	Miotóga

* I gcás ganntanas análaitheoirí, moltar maisc aghaidhe (maisc mháinliachta nó ghnáthaimh) a úsáid. Nuair a úsáidtear an cineál PPE seo, ba cheart na srianta agus na rioscaí a bhaineann lena úsáid a mheas ar bhonn cás ar chás.

Cosaint riospráide

Cosnaíonn an t-análaitheoir ó ionanálú braoiníní agus cáithníní. Toisc go n-oireann cineálacha éagsúla análaitheoirí go héagsúil idir úsáideoirí, teastaíonn tástáil fheistithe ar an análaitheoir.

Molann ECDC go n-úsáidtear análaitheoirí scagtha chlár éadain (FFP) aicme 2 nó 3 (FFP2 nó FFP3, Fíor 1) agus cás amhrasta á mheas nó cás dearbhaithe á bhainistiú. Ba cheart análaitheoir FFP3 a úsáid i gcónaí agus gnáthaimh ghiniúna aerásóil á ndéanamh.

Cosnaíonn maisc aghaidhe (maisc mháinliachta) go príomha ó bhraoiníní easanálaithe [5]; moltar iad a úsáid i gcás ganntanas análaitheoirí agus i measúnú ar bhonn cás ar chás. Ní theastaíonn tástáil fheistithe ar mhaisc mháinliachta.

Cosaint súl

Ba cheart spéaclaí cosanta nó sciatha aghaidhe (Fíor 2) a úsáid chun nochtadh víris an mhúcóis súl a chosc. Tábhachtach: ní mór spéaclaí cosanta a bheith oiriúnach do ghnéithe aghaidhe an úsáideora agus a bheith comhoiriúnach leis an análaitheoir.

Cosaint choirp

Ba cheart gúnaí uiscefhriotaíocha le muinchillí fada a úsáid chun éilliú coirp a chosc. Ní gá an ball PPE seo a bheith steiriúil, seachas sa chás go n-úsáidtear é i dtimpeallacht steiriúil (e.g. seomra obráide).

Mura bhfuil gúnaí uiscefhriotaíocha ar fáil, is féidir naprún plaisteach aon-úsáide a úsáid, rud a chaitear thar an ngúna neamh-uiscefhriotaíoch.

Cosaint láimhe

Ba cheart miotóga a úsáid agus othair a bhfuil COVID-19 amhrasta nó dearbhaithe orthu á mbainistiú.

Le faisnéis níos mionsonraithe a fháil faoi PPE agus cúram á thabhairt d'othair a bhfuil COVID-19 amhrasta nó dearbhaithe orthu i suíomhanna cúram sláinte, féach ar an [doiciméad teicniúil](#) [6]seo.

Fíor 1. Comhdhéanamh íosta tacar PPE molta chun cásanna amhrasta nó dearbhaithe COVID-19 a bhainistiú: Análaitheoirí FFP2 nó FFP3, spéaclaí cosanta, gúna uiscefhriotaíoch ar a bhfuil muinchillí fada, agus miotóga



Fíor 2. Sciath aghaidhe



Tagann an chuid is mó de chomhpháirteanna PPE i méideanna éagsúla, agus tá sé tábhachtach a rá nach leanann PPE an prionsabal go ndéanann an toise céanna do gach duine. Tá feistiú ceart PPE riachtanach chun cosaint a fháil; ní chosnóidh méid neamhoiriúnach an duine a chaitheann é.

Tá roghanna éagsúla ann chun PPE a chaitheamh agus a bhaint. Molann ECDC an nós imeachta a leanas chun an PPE a chaitheamh agus a bhaint go sábhailte.

An PPE a chaitheamh

Sula gcaithfeadh an PPE chun cás amhrasta nó deimhnithe de COVID-19 a bhainistiú, ba cheart sláinteachas lámhe ceart a chur i bhfeidhm de réir mholtaí idirnáisiúnta [7]. Is gné chriticiúil é seo sa suíomh seo agus ba cheart é a dhéanamh trí úsáid a bhaint as tuaslagán alcól-bhunaithe de réir threoracha an mhonaróra (Fíor 3).

Fíor 3. Sláinteachas lámhe a dhéantar trí úsáid a bhaint as tuaslagán alcól-bhunaithe




Is é an gúna an chéad PPE atá le cur ar an duine (Fígiúr 4). Tá cineálacha éagsúla gúnaí ann (úsáid aonair, in-athúsáidte); úsáidtear sa treoir seo gúna in-athdhéanta uiscefhriotaíoch ar a bhfuil muinchillí fada. Agus gúna ar a bhfuil ceangal cúil á úsáid, mar a léirítear thíos, ba cheart an dara hoibreoir cabhrú le druidim na gcnaipe ar chúl (Fíor 5).

Fíor 4. Gúna uiscefhriotaíoch ar a bhfuil muinchillí fada a chur ar an duine



Fíor 5. Druidim na gcnaipe ar chúl an ghúna; le déanamh ag cúntóir



Tar éis an gúna a chaitheamh, moltar leanúint ar aghaidh leis an análaitheoir a chosnaíonn ó ionanálú braoiníní agus cáithníní. Molann ECDC go n-úsáidfe análaitheoirí FFP2 nó FFP3 (Fíor 6) le haghaidh gach gnáthamh agus cás amhrasta nó dearbhaithe COVID-19 á bhainistiú. Tá sé tábhachtach tástáil fheistithe a dhéanamh tar éis an análaitheoir a chur ar an duine, de réir threoracha an mhonaróra. Tá modhanna éagsúla ann le tástáil fheistithe a dhéanamh ar análaitheoir. Tá tuilleadh faisnéise le fáil sa doiciméad teicniúil ECDC '[Safe use of personal protective equipment in the treatment of infectious diseases of high consequence](#)' [5].

Fíor 6. Análaitheoir FFP (aicme 2 nó 3) a chaitheamh



Ní mór an fáiscín miotail sróine a choigeartú (Fíor 7) agus ní mór na strapáí a theannadh ionas go bhfuil siad daingean agus compordach. Mura féidir leat feistiú ceart a bhaint amach, socraigh na strapáí ar bhealach fiarthrasna. Mar sin féin, d'fhéadfadh an mionathrú seo imeacht ó na moltaí i lámhleabhar táirge an mhonaróra.

Fíor 7. Fáiscín miotail sróine an análaitheora a fheistiú



Má chaitear masc aghaidhe (masc máinliachta) in ionad análaitheora (Fíor 8), tá sé tábhachtach é a shocrú i gceart ar an aghaidh agus a choigeartú leis an bhfáiscín miotail sróine (Fíor 9) d'fhonn feistiú ceart a bhaint amach.

Fíor 8. Masc aghaidhe (masc máinliachta) a chaitheamh



Fíor 9. Fáiscín miotail sróine an mhaisc aghaidhe a fheistiú

Nuair a bheidh an anáiltheoir suite i gceart, cuir ort na spéaclaí cosanta chun na súile a chosaint. Cuir na spéaclaí cosanta thar strapaí an mhaisc agus cinntigh go n-oireann an strapa leaisteach teicstíle go teann - ach gan a bheith róchúng (Fíoracha 10 agus 11).

Fíor 10. Spéaclaí cosanta le strapa leaisteach teicstíle a chaitheamh**Fíor 11. Taobhamharc ar spéaclaí cosanta le strapa leaisteach teicstíle**


Má úsáidtear spéaclaí cosanta ar a bhfuil uisinní, áirithigh go bhfuil siad suite i gceart agus feistithe go maith (Fíor 12).

Fíor 12. Spéaclaí cosanta ar a bhfuil uisinní a chaitheamh



Tar éis na spéaclaí cosanta, is iad na miotóga an chéad rud eile. Agus miotóga á gcaitheamh, tá sé tábhachtach an mhiotóg a shíneadh chun caol na láimhe a chlúdach thar chufaí an ghúna (Fíor 13). Maidir le daoine atá ailléirgeach le miotóga laitéise, ba cheart go mbeadh rogha eile ar fáil, mar shampla miotóga nítríle.

Fíor 13. Miotóga a chaitheamh



An PPE a bhaint


Má chaitear an PPE i gceart, cosnaítear an t-oibrí cúram sláinte ó éilliú. Tar éis an t-othar a scrúdú, is céim ríthábhachtach é an PPE a bhaint agus ní mór é sin a dhéanamh go cúramach d'fhonn féin-éilliú a sheachaint toisc go bhféadfadh an PPE a bheith éillithe anois.

Baintear na miotóga ar dtús de thairbhe go meastar iad a bheith ina mbaill atá an-éillithe. Ba cheart smaoineamh ar dhífhabhtán láimhe alcól-bhunaithe a úsáid sula mbaintear na miotóga. Ba chóir na miotóga a bhaint trí ocht gcéim a leanúint (Fíor 14).

Tosaigh (1) leis an miotóg a fháscadh agus a choinneáil (leis an lámh eile ar a bhfuil miotóg) idir limistéar bhos na láimhe agus chaol na láimhe, (2) an mhiotóg a scamhadh ar shiúl ó chaol na láimhe (3) go dtí go casann sé taobh istigh amuigh, ag clúdach na méar. Leis an lámh a bhfuil leath-mhiotóg uirthi anois (4) an lámh a bhfuil miotóg iomlán uirthi a fháscadh agus a choinneáil idir bos na láimhe agus caol na láimhe, (5) an mhiotóg a scamhadh ar shiúl ó chaol na láimhe (6) go dtí go casann sé taobh istigh amuigh, ag clúdach na méar. Agus an dá lámh leath-clúdaithe le miotóga anois, (7) bain an mhiotóg as lámh amháin go hiomlán trí greim a fháil ar an gcuid istigh den

mhiotóg agus í a scamhadh ar shiúl ón lámh, agus déan amhlaidh don lámh eile atá leath-chlúdaithe le miotóg ag baint úsáide as an lámh nach bhfuil miotóg uirthi anois, agus greim a choinneáil i gcónaí ar an gcuid istigh den mhiotóg. Déan na miotóga (8) a dhiúscairt i mbosca bruscair bithghuaise.

Fíor 14. Miotóga a bhaint (céimeanna 1 go 8)



Tar éis na miotóga a bhaint, ba cheart sláinteachas láimhe a chur i bhfeidhm agus péire miotóg nua a chaitheamh chun leanúint leis an nós imeachta bainte. Cuirfear cosc ar fhéin-éilliú trí phéire miotóg nua a úsáid.

Agus péire miotóga nua á gcaitheamh, ba cheart an gúna a bhaint. Agus gúna ar a bhfuil ceangal cúil á úsáid (mar a úsáidtear sa doiciméad seo), ba cheart don dara hoibreoir cabhrú le hoscailt na gcnaipí ar chúl an ghúna (Fíor 15). Ba cheart don chúntóir miotóga agus masc máinliachta a chaitheamh, agus ní mór iad a bhaint tar éis an gúna a oscailt. Tar éis miotóga an chúntóra a bhaint, ba cheart sláinteachas láimhe a chur i bhfeidhm trí úsáid a bhaint as tuaslagán alcóil. Tar éis an gúna a bheith dícheangailte, is féidir leis an oibrí cúram sláinte an gúna a bhaint trí ghreim a fháil ar chúl an ghúna (Fíor 16) agus é a tharraingt ón gcorp, agus an chuid tosaigh éillithe a choinneáil taobh istigh den ghúna (Fíor 17).

Fíor 15. Oscailt na gcnaipí ar chúl an ghúna; le déanamh ag chúntóir



Fíor 16. Baint an ghúna: greim a fháil ar chúl an ghúna



Fíor 17. Baint an gúna: an gúna a tharraingt ón gcorp

Is féidir gúnaí aonúsáide a dhiúscairt anois; ní mór gúnaí in-athúsáidte a chur i mála nó i gcoimeádán lena ndíghalrú (Fíor 18).

Fíor 18. An gúna a chur i gcoimeádán bithghuaise lena dhíghalrú

Tar éis an ghúna, ba cheart na spéaclaí cosanta a bhaint agus iad a dhiúscairt sa chás gur spéaclaí aonúsáidte iad, nó a chur i mála nó i gcoimeádán lena ndíghalrú. D'fhonn na spéaclaí cosanta a bhaint, ba cheart méar a chur thíos faoin strapa leaisteach teicstíle ar chúl an chinn agus na spéaclaí cosanta a bhaint, mar a léirítear i bhFíor 19. Níor cheart teagmháil a dhéanamh leis an gcuid tosaigh de na spéaclaí cosanta, de thairbhe go bhféadfadh an chuid sin a bheith éillithe. Sa chás go mbaintear úsáid as spéaclaí cosanta ar a bhfuil uisinní, ba cheart iad a bhaint mar a léirítear i bhFíor 20.

Fíor 19. Spéaclaí cosanta a bhfuil strapa leaisteach teicstíle orthu a bhaint (céimeanna 1 go 4)




Fíor 20. Spéaclaí cosanta a bhfuil uisinní orthu a bhaint (céimeanna 1 go 2)



Ba cheart an t-análaitheoir a bhaint anois. D'fhonn an t-análaitheoir a bhaint, ba cheart méar nó ordóg a chur thíos faoi na strapáí ar chúl agus an t-análaitheoir a bhaint, mar a léirítear i bhFíor 21.

Ba cheart an t-análaitheoir (nó an masc máinliachta) a dhiúscairt ar a bhaint. Tá sé tábhachtach gan teagmháil mhiotóige a dhéanamh leis an análaitheoir (seachas na strapáí leaisteacha) agus é á bhaint.

Fíor 21. An t-análaitheoir a bhaint (céimeanna 1 go 4)



Is iad na miotóga na baill PPE dheiridh atá le bhaint. Ba cheart smaoineamh ar thuaslagán alcól-bhunaithe a úsáid sula mbaintear na miotóga. Ba cheart na miotóga a bhaint de réir an nós imeachta ar a ndéantar cur síos thuas. Tar éis na miotóga a bhaint, ba cheart sláinteachas láimhe a chur i bhfeidhm.

Saineolaithe rannpháirteacha ECDC (in ord aibítire)

Cornelia Adlhoch, Orlando Cenciarelli, Scott Chiossi, Mikolaj Handzlik, Michael Ndirangu, Daniel Palm, Pasi Penttinen, Carl Suetens

Tagairtí

1. An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (WHO). Coronavirus disease 2019 (COVID-19). Situation report – 29 2020 [nuashonraíthe 19 Feabhra 2020; luaite 2020 25 Feabhra. An Ghinéiv: WHO; 2020. Ar fáil ó: https://www.who.int/docs/default-source/coronaviruse/situation-reports/20200219-sitrep-30-covid-19.pdf?sfvrsn=6e50645_2.
2. An Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú (ECDC). COVID-19 2020 [idirlión, luaite 2020 24 Feabhra]. Stóciólm: ECDC; 2020. Ar fáil ó: <https://www.ecdc.europa.eu/en/novel-coronavirus-china>.
3. An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (WHO). Coronavirus disease (COVID-19) outbreak 2020 [luaite 2020 24 Feabhra]. An Ghinéiv: WHO; 2020. Ar fáil ó: <https://www.who.int/emergencies/diseases/novel-coronavirus-2019>.
4. An Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú (ECDC). Outbreak of severe acute respiratory syndrome coronavirus 2 (SARS-CoV-2): increased transmission beyond China – an ceathrú nuashonrú 2020 [luaite 2020 24 Feabhra]. Stóciólm: ECDC; 2020. Ar fáil ó: <https://www.ecdc.europa.eu/sites/default/files/documents/SARS-CoV-2-risk-assessment-14-feb-2020.pdf>.
5. An Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú (ECDC). Safe use of personal protective equipment in the treatment of infectious diseases of high consequence 2014 [luaite 2020 25 Feabhra]. Stóciólm: ECDC; 2020. Ar fáil ó: <https://www.ecdc.europa.eu/sites/default/files/media/en/publications/Publications/safe-use-of-ppe.pdf>.
6. An Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú (ECDC). Personal protective equipment (PPE) needs in healthcare settings for the care of patients with suspected or confirmed novel coronavirus (2019-nCoV) 2020 [luaite 2020 25 Feabhra]. Stóciólm: ECDC; 2020. Ar fáil ó: <https://www.ecdc.europa.eu/sites/default/files/documents/novel-coronavirus-personal-protective-equipment-needs-healthcare-settings.pdf>.
7. An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (WHO). WHO Guidelines on hand hygiene in health care 2009 [luaite 2020 25 Feabhra]. An Ghinéiv: WHO; 2009. Ar fáil ó: https://apps.who.int/iris/bitstream/handle/10665/44102/9789241597906_eng.pdf;jsessionid=3D5B6AF129FA5FA0F98F7D80DF80EC2D?sequence=1.